Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5352

13.10.2025

**Caingean arna tabhairt an 8 Iúil 2025 – Petrov v an Chomhairle**

**(Cás T-491/25)**

(C/2025/5352)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Victor Petrov (Comrat, an Mholdáiv) (ionadaithe: T. Bontinck, L. Marchal, Dlíodóirí, agus C. Zatschler, SC)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach bhfuil Cinneadh (CBES) 2023/891 ([1]) agus Rialachán (AE) 2023/888 ([2]) infheidhme maidir leis an iarratasóir ar bhonn Airteagal 277 CFAE;

— Cinneadh (CBES) 2025/824 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 ([3]) a chur ar neamhní a mhéid a choinnítear ainm an iarratasóra faoi Uimh. 11 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/817 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 ([4]) a chur ar neamhní a mhéid a choinnítear ainm an iarratasóra faoi Uimh. 11 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle EUR 100 000 a íoc, ar bhonn sealadach, mar chúiteamh ar an damáiste neamhábhartha a d'fhulaing an t-iarratasóir;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil Cinneadh (CBES) 2023/891 agus Rialachán (AE) 2023/888 neamhdhleathach. Tá Cinneadh (CBES) 2023/891 agus Rialachán (AE) 2023/888, lena bhféachtar leis na critéir a chinneadh ar ar a mbonn a cuireadh ainm an iarratasóra ar an liosta atá i gceist, neamhdhleathach agus, dá bhrí sin, ní mór a dhearbhú nach bhfuil siad infheidhme ar bhonn Airteagal 277 CFAE. Mar thaca leis an bpléadáil neamhdhleathachta sin, líomhnaíonn an t-iarratasóir an chéad chuid, lena n-éilítear sárú ar Airteagail 2, 8, 21(1) CAE agus ar phrionsabal na comhréireachta, as a n-eascraíonn earráid fhollasach measúnaithe ar chuspóir iarbhír na ngníomhartha a chonspóidtear i bhfianaise a n-iarmhairtí nádúrtha agus intuartha agus/nó mainneachtain cúiseanna a lua. Líomhnaíonn an t-iarratasóir an dara cuid maidir leis na modhanna a úsáideann an Chomhairle.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cheanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta. Áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil na comhaid fianaise, a bhí mar bhonn fíorasach le cinneadh na Comhairle a ainm a chur ar an liosta atá i gceist, mícheart agus neamhiomlán ar roinnt bealaí. Dá bhrí sin, ní raibh an Chomhairle in ann an fhaisnéis ábhartha uile a chur san áireamh agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gComhairle cinneadh neamhchlaonta agus cothrom a ghlacadh, de shárú ar Airteagal 41(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe ón gComhairle. Áitíonn an t-iarratasóir go ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag meas gur comhlíonadh na critéir a cuireadh i bhfeidhm i gcoinne an iarratasóra.

([1]) Cinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle an 28 Aibreán 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú (IO 2023 L 114, lch. 15).

([2]) Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle an 28 Aibreán 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú (IO 2023 L 114, lch. 1).

([3]) Cinneadh (CBES) 2025/824 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/891 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú (IO L, 2025/824).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/817 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/888 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú (IO L, 2025/817).

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus ar chearta bunúsacha. Trí na bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne an iarratasóra, sháraigh an Chomhairle prionsabal na comhréireachta agus sháraigh sí a chearta bunúsacha go hiomarcach.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta an iarratasóra maidir le saoránacht an Aontais. Áirítear sna bearta sriantacha toirmeasc ar dhul isteach i gcríoch na mBallstát agus ar idirthuras trí chríoch na mBallstát, rud a bhaineann ón iarratasóir an fhéidearthacht a bheith aige leas iomlán a bhaint as na cearta a thugtar dó, go háirithe le hAirteagal 21 CFAE.